



ACMHAINN 6

Tuairisc: Sliocht as litir dar dáta an 26 Nollaig 1863 ó Jozef Kostlan, a raibh cónaí air in Iowa sna Stáit Aontaithe, ina bhfuil cur síos ar an aistear a rinne sé chomh fada lena ghaolta sa Bhoihéim (Poblacht na Seice sa lá atá inniu ann)

Bhí os cionn ceithre chéad duine ar an long ina rabhamar. An chéad lá eile bhí an long á croitheadh chomh mór sin nach rabhamar ábalta codladh ar bith a dhéanamh, agus bhí níos mó ná an leath dinn a cur amach nó bhí sé ag dul orainn ár n-anáil a tharraingt. Bhí an criú, nó na mairnéalaigh, ag tairneáil agus ag ceangal na gcófraí bagáiste do na postaí chun a chinntiú nach rachaidís thar bord. B'ín an uair a thuigeamar den chéad uair go bhfaigheadh cúrsaí i bhfad níos measa, ach buíochas le Dia chuaigh an t-aistear go maith. Ach bhíodh lá nó dhó i gcónaí ann nuair a bhíodh sé corrach, agus ansin thagadh sé ina chalm arís.

Dhá sheachtain go leith a mhair sé seo, agus ansin bhí sé go breá don chuid eile den aistear go ceann scríbe. Mo ghoile agus mo choimpléasc a bheith lag, bhí mé fágtha i ndroch-chaoi ar feadh trí seachtaine go leith. Bhí mé chomh dona sin nach raibh mé in ann greim bia a ithe agus a thúisce a d'ardóinn mo chloigeann thagadh meabhrán orm agus d'iompaíodh mo ghoile. Ach ansin, chuaigh mé ina chleachtadh agus bhí blas ar an mbia arís. Bhí Francek i ndroch-chaoi chomh maith, cé gur tháinig seisean as níos túisce ná mise. Bhí Anna agus Krystýna lag freisin ar feadh isteach agus amach le ceithre lá, ach ar a laghad ní raibh siadsan ag cur amach agus ní raibh siad róbhreuite. Ní raibh stop le Jozífek agus Anička ach a bheith ag urlacan go seasta. Sin é an chaoi a bhfuil sé ar long: eagla agus bréantas, tart agus ocra.

Foinse: [Ionad Taighde Stair na hImlirce, Ollscoil Minnesota](#)

Tuairisc: Sliocht as litir dar dáta an 24 Aibreán 1891 ó Marcianna Dwiatkowska, a raibh cónaí uirthi in Philadelphia sna Stáit Aontaithe, chuig a hiníon sa Pholainn ag cur comhairle uirthi faoin taisteal go dtí na Stáit Aontaithe

Nuair a thabharfaidh tú faoin turas, a iníon a chroí, ná bac le biotáille a cheannach duit féin don aistear ach ceannaigh roinnt gréithe, pota beag agus cupán beag. Ar theacht go Hamburg duit, bheidh na gníomhairí fós ag iarraidh lear mór airgid uait. Fiú má tá sé agat, ná tabhair dóibh é; níl le rá agat ach go bhfuil na ticéid íoctha cheana; 'tá sé íoctha ag mo mháthair'. Mura ngéillfidh siad orlach ar an gceist seo, ansin íoc b'fhéidir dhá mharg leo – ach ná téigh thairis. Maidir leis an gcuid eile, ná hiniis do dhuine ar bith beo cad atá agat. Éadach ar bith atá agat, beir leat é – fiú amháin an seanseál a bhíonn ort gach lá, mar bainfidh tú leas as ar an línéar mór. Ar an gcaoi sin, ní bheidh an ceann nua caite agat agus beidh sé sin ag teastáil uait anseo i Meiriceá ar an gcaoi chéanna a dteastaíonn sé sa Pholainn. Anois, a iníon a chroí, más rud é nár dhíol tú na piliúir leis an leaba chlúimh, beir leat na piliúir. Ceannaigh péire bróg duit féin a mbeidh cnaipí orthu. Má tá péire maith cheana agat, bhuel na bac le cinn nua a cheannach. Ná bíodh aon imní ort faoi airgead, mar chuir mise roinnt airgid anonn chugat go Karpinska, an áit a bhfaighidh tú an ticéad don ghalltán. Tá sé sin in Golub. Tá 24 marg curtha chugat agam, agus beidh do dhóthain ann. Anois, a iníon a chroí, bíodh Dia leat ó thús d'aistir: téigh chuig faoistin mar gur aistear uafásach é. Beidh ort cúpla míle míle farraige a thrasnú, ach ná cuireadh aon rud faitíos ort; bíodh Dia i gcónaí agat i do chroí agus tabharfaidh Dia slán chugamsa thú. Do mháthair.



ÁRAS STAIR NA HEORPA

Foinse: *Comhlachas Oidhreachta Limistéar Johnstown*

Tuairisc: Sliocht as litir dar dáta an 10 Feabhra 1891 ó Julian Kszeszowski chuig cara leis sa Pholainn, ina ndéantar cur síos ar chúrsaí oibre sna Stáit Aontaithe

Nuair a bhíonn oibrithe á roghnú anseo acu, tá siad mar a bheidís ag piocadh amach beithígh ar an margadh sa bhaile, nó mar a dhéantar don arm – níl de shlat tomhais ann ach a bheith láidir agus sláintiúil; sin é an chaoi a gcaitheann siad le daoine. Ach é sin ráite, is fíor gur féidir leat 100 rúbal sa mhí a shaothrú má tá tú láidir, óg, sláintiúil agus sásta an obair a dhéanamh; ach caithfidh tú a bheith in ann teanga mhuintir Mheiriceá a labhairt freisin. Bheadh duine in ann rúbal a shaothrú anseo fíor-scíobtha go deo i gcomparáid leis an bPolainn san áit a dtógann sé an samhradh ar fad ar fhear leathrúbal a shaothrú. Ach ní éireoidh le duine é féin a chur ar a chosa go tapa anseo mura bhfuil an teanga aige, agus tá sé sin tábhachtach do chách. Má chuireann duine roimhe a theacht anseo, agus go bhfuil sé in acmhainn an t-aistear a íoc, níor cheart go mbeadh aon drogall air teacht. Ach caithfidh sé a bheith láidir agus lán fuinnimh agus caithfidh sé cur faoi i gcomharsanacht mhaith, ceann de na dea-sheoltaí a bheith aige, agus teastaíonn cara uaidh ionas nach mbeidh sé fágtha ar an bhfaraor géar mar a bhí mise. Is é Meiriceá an tír is saibhre ar domhan, ach is sa talamh atá an saibhreas ar fad; sin an fáth go bhfuil an obair chomh dian gach uile áit anseo. Ach duine ar bith nach bhfuil fuacht ná faitíos air a theacht anseo, saothróidh sé groisín níos túisce abhus ná a dhéanfadh sé sa bhaile. Julian

Foinse: *Comhlachas Oidhreachta Limistéar Johnstown*

Tuairisc: Sliocht as litir dar dáta an 4 Aibreán 1938 ó bhean Fhionlannach darbh ainm Saimi a raibh cónaí uirthi in Ohio sna Stáit Aontaithe chuig a deirfiúr san Fhionlainn

A dheirfiúr, a chroí,

A liacht sin uair ar ghlac mé an peann i mo lámh agus píosa páipéir leagtha os mo chomhair amach chun freagra a thabhairt ar do litir, ach bhí sé ag dul orm é a dhéanamh. Thagadh an oiread sin deor le mo shúile go mbíodh mé fágtha gan léas agus gan mé ábalta scríobh. Tháinig bás ár máthar aniar aduaidh ceart orm – cé dáiríre go bhféadfaí a bheith ag súil leis: suaimhneas síoraí na Sabóide Naofa anois do mhamaí. D’airigh mé go dona fúithi an oiread sin uaireanta nuair a chloisinn, fiú agus í i ndeireadh a saoil, nach raibh sí ábalta aon scíth a dhéanamh. Bhíodh uirthi a bheith ag obair go dian an t-am ar fad agus bhí a meabhair ar fad aici go dtí an deireadh. Bhídís chomh láidir sin. A dheirfiúr, a chroí, táim fíorbhuíoch díot as a bheith in ann na seirbhísí déanacha a riar dár máthair bhocht. Nach iontach agus nach álainn é sin! Abair lenár ndeirfiúr Mari, agus le Selma freisin, go bhfuilim buíoch díobh. Nach mé a bhí go dona sa mhéid nár scríobh mé abhaile go minic chuig mamaí – ní hé nach raibh mé ag cuimhneamh uirthi. Déarfainn go bhfuil tú féin coinnithe gnóthach le do chúram tí féin. Ach ní raibh léamh ag mamaí, agus cé a bheadh ann le mo chuid litreacha a léamh dí? Tá súil agam gur dea-chuimhní a bhí aici orm! Má tá aon rud beag in Peräkoski a rinne mo mháthair nó ar léi é, an bhféadfá é a choinneáil dom más é do thoil é ionas go mbeidh sé agam mar chuimhneachán uirthi? Ní raibh an tsláinte go maith agam féin; tháinig an dochtúir agus dúirt sé gur othrais a bhí orm. Bhris likka a mhéar ar láthair gearrtha na gcrann. Chaill sé méar an fháinne ar fad ar a lámh dheas, cosúil le buaircín. Is amhlaidh gur sáinníodh an mhéar idir dhá shail mhóra adhmaid. Bhí air trí seachtaine a chaitheamh ón obair. Cé chaoi a bhfuil deaide ag déanamh amach? Cuir ár gcuid beannachtaí uainn chuige agus abair leis gurb é ár ndóchas, agus é ag fágáil an tsaoil seo, go





ÁRAS STAIR NA HEORPA

dtabharfaidh sé faoin aistear go slí na fírinne agus é ag creidiúint in Íosa. Fágaim slán anois agat a dheirfiúir a chroí. Go soirbhí Dia duit.

Foinse: [Ollscoil Minnesota](#)

- Cad iad príomhthopaicí/príomhábhair inní i ngach ceann de na litreacha sin mar a thuairiscíonn iad siúd a scríobh iad?
- Cad iad na dearcthaí a thugann na litreacha sin faoin saol mar imirceach i ndeireadh an 19ú haois agus i dtús an 20ú haois?
- An féidir leat aon chosúlachtaí agus aon difríochtaí idir eispéiris na n-imirceach sin agus eispéiris an lae inniu a shaináithint?

